Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Treoir do Scoileanna Gaeltachta: Comhpháirtíocht leis an bpobal chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn

## Naisc a neartú idir bainistíocht na scoile, pobal na scoile agus an próiseas pleanála teanga áitiúil

2021

## Clár na nÁbhar


**1.** Réamhrá ..........3

**2.** Ról na scoileanna Gaeltachta chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ..........3

**3.** Ról an bhoird bhainistíochta scoile i gcur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta .......... 4

**4.** Ról an Oifigigh Phleanála Teanga ..........6

**5.** Treoir do bhord bainistíochta na scoile Gaeltachta: táscairí dea-chleachtais chun an Ghaeilge a chur chun cinn ..........8

**Aguisín 1:** Nósanna imeachta um chosaint leanaí do scoileanna ..........15

**Aguisín 2:** Acmhainn chun tacú le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ..........16

**Aguisín 3:** Na tacaí atá ar fáil do scoileanna sna limistéir phleanála teanga Ghaeltachta ..........17

**Aguisín 4:** Na critéir theangabhunaithe agus na táscairí dea-chleachtais: féinmheastóireacht ar dhul chun cinn ..........19

## 1. Réamhrá

Cuireann an doiciméad treorach seo comhairle phraiticiúil ar fáil do cheannairí scoileanna[1] Gaeltachta agus pleananna á ndearadh acu chun an chomhpháirtíocht idir an scoil agus a pobal a neartú d'fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá ról agus dualgas chomh maith ag an bpobal i gcoitinne, maidir le caomhnú agus cur chun cinn na teanga.

De réir mar atá leagtha amach in Acht na Gaeltachta 2012, tá rannpháirtíocht na scoile sa phróiseas pleanála teanga an-tábhachtach chun úsáid na Gaeilge a mhéadú sa phobal áitiúil. Ar an ábhar sin, tá ról lárnach ag an scoil Ghaeltachta i bhforbairt agus i gcothú nasc leis an oifigeach pleanála teanga (OPT) atá fostaithe chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean teanga sa limistéar pleanála teanga áitiúil. Ciallaíonn sé sin go bhfuil ról lárnach ag an scoil le húsáid na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta.

## 2. Ról na scoileanna Gaeltachta chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn

San Acht Oideachais 1998 deirtear go n-úsáidfidh scoil lonnaithe i limistéar Gaeltachta, na hacmhainní a bheidh ar fáil di 'chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail'. Is í sprioc uileghabhálach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ar ardchaighdeán agus ábhartha, trí mheán na Gaeilge, ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta. Sa tslí sin, tacófar le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta. Is ionann an cuspóir seo agus cuspóir an phróisis phleanála teanga a bhfuil bunús reachtúil aige faoi Acht na Gaeltachta 2012, agus a bhfuil a fheidhmiú faoi lánseol sna ceantair Ghaeltachta faoi láthair.

Aithnítear sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta gur ceantair ar leith iad na ceantair Ghaeltachta a bhfuil tábhacht shuntasach theangeolaíoch, chultúrtha agus eacnamaíoch ag baint leo. Tá an Ghaeilge, mar theanga theaghlaigh agus phobail, an-leochaileach sna ceantair Ghaeltachta sa lá atá inniu ann. Dearbhaítear sa Pholasaí gurb acmhainn í an Ghaeltacht do chainteoirí líofa Gaeilge agus d'fhoghlaimeoirí na teanga araon - acmhainn nach bhféadfaí a fháil thar n-ais, dá gcaillfí í. Aibhsítear sa Pholasaí an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na scoileanna sa phróiseas pleanála teanga áitiúil sa Ghaeltacht, próiseas a bhfuil mar aidhm aige tacú ar bhealach córasach, comhtháite le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh agus cur lena húsáid laethúil sna ceantair Ghaeltachta. Is é Údarás na Gaeltachta atá freagrach as an bpróiseas seo a chomhordú ar fud na Gaeltachta faoi scáth foriomlán na Roinne Turasóireachta Cultúrtha Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM).

Mar chuid den phróiseas pleanála teanga tá trí bhaile faoi leith sa Ghaeltacht sannta mar bhailte a d'fhéadfadh aitheantas a bhaint amach faoin bpróiseas, ach pleananna teanga a bheith ceadaithe ina leith, faoi réir fhorálacha ábhartha Acht na Gaeltachta 2012. Is iad

---

[1] Tagraíonn an téarma 'ceannairí scoile' dóibh siúd a bhfuil rólanna foirmeálta ceannaireachta acu (boird bhainistíochta, príomhoidí agus araile) agus dóibh siúd freisin a ghlac rólanna ceannaireachta sainiúla maidir le cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta scoile uile.

na bailte atá i gceist ná An Clochán Liath, Béal an Mhuirthead agus Daingean Uí Chúis. Go dtí seo (25 Bealtaine 2021) tá aitheantas bainte amach mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ag Daingean Uí Chúis agus tá plean teanga i leith an Chlocháin Léith á bhreithniú ag an RTCEGSM faoi láthair. Maidir leis an gcuid eile den phróiseas a bhaineann leis an nGaeltacht, den 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta atá sannta faoin bpróiseas, tá pleananna teanga i leith 22 limistéar ceadaithe faoin bpróiseas go dtí seo[2]. Tá tuilleadh eolais maidir leis an bpróiseas pleanála teanga ar fáil ag an nasc **SEO**.

Tá eagrais phobail aitheanta sna Limistéir Phleanála Teanga áitiúla agus ag feidhmiú mar cheanneagraíochtaí pleanála teanga (CPT). Tá na CPT freagrach as an bplean teanga atá ceadaithe ag an RTCEGSM a fheidhmiú, an clár oibre agus an buiséad a bhainistiú agus Oifigigh Pleanála Teanga (OPT) a fhostú chun an plean teanga sin a chur i bhfeidhm le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Tá ról chomh maith ag na coistí stiúrtha pleanála teanga (CSPT) atá bunaithe sna pobail áitiúla chun comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil le tacú leis an bpróiseas pleanála teanga. Déanann na baill ar na CSPT ionadaíocht ar son phobail áitiúil an LPT agus ar na réimsí éagsúla atá aitheanta sa phlean teanga, réimse an oideachais san áireamh. Tacaíonn siad leis an gceanneagraíocht sa LPT agus leis an OPT cuspóirí an phlean teanga áitiúil a bhaint amach agus an pobal áitiúil a ghríosadh chun a bheith páirteach sa phróiseas. Ós rud é go bhfuil na scoileanna ag croílár an phróisis phleanála teanga, tá treoir agus tacaíocht an oifigigh phleanála teanga fíorthábhachtach nuair a bheidh na scoileanna ag dearadh plean gníomhaíochtaí chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc phobal na scoile.

Tá gníomhartha an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta chun cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge a neartú sna scoileanna Gaeltachta, bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta agus an chomhoibrithe le pobail scoileanna áitiúla. Aithníonn an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta go bhfuil an comhoibriú idir na scoileanna agus na ceanneagraíochtaí áitiúla sa Ghaeltacht fíorthábhachtach chun tacú le feidhmiú na bpleananna teanga áitiúla chomh maith le comhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe don tumoideachas. Sa phróiseas pleanála teanga áitiúil, tá critéir theangabhunaithe ann atá dírithe go sonrach ar rannpháirtíocht scoileanna Gaeltachta sa phróiseas sin. Is í aidhm na gcritéar sin go mbeidh na scoileanna Gaeltachta "ag tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta."

## 3. Ról an bhoird bhainistíochta scoile i gcur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Bainistíonn an bord bainistíochta an scoil thar ceann an phátrúin. Faoin Acht Oideachais, 1998, tá an bord freagrach as plean scoile a ullmhú, a chur i bhfeidhm , a athbhreithniú agus a uasdátú ar bhonn rialta, chun oideachas d'ardchaighdeán a sholáthar do na

---

[2] In éineacht leis na bailte faoi leith sa Ghaeltacht tá 13 baile eile atá suite lasmuigh den Ghaeltacht roghnaithe ag an RTCEGSM mar ábhar Bailte Seirbhíse Gaeltachta, tar éis próiseas comhairliúcháin poiblí a eagrú in 2014. De na bailte sin tá pleananna teanga i leith Leitir Ceanainn agus Chathair na Gaillimhe ceadaithe go dtí seo (25 Bealtaine 2021). Ina theannta sin tá pleananna teanga i leith 3 Líonra Gaeilge, mar a ndéantar iad a shainiú faoin Acht ceadaithe go dtí seo, eadhon: Baile Loch Riach, Inis agus Cluain Dolcáin.

daltaí/scoláirí[3] go léir atá sa scoil. San obair seo tá ról lárnach ag an mbord féachaint chuige go gcomhlíontar na haidhmeanna atá leagtha síos san Acht Oideachais 1998, sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, agus do chur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Tá freagracht ar an mbord bainistíochta a dheimhniú go leagtar amach plean forbartha/gníomhaíochta scoile i gcomhar leis an bpobal scoile uile, pátrún na scoile san áireamh, chun na haidhmeanna seo a bhaint amach.

Déanann an bord bainistíochta maoirseacht ar fheidhmiú na Scéime agus is próiseas comhoibríoch, uileghabhálach agus machnamhach é obair na scoile a athbhreithniú go leanúnach, i gcomhar leis an bpobal scoile. Is próiseas é seo inar féidir le bainistíocht na scoile comhoibriú leis an gceanneagraíocht/gcoiste stiúrtha pleanála teanga sa phobal Gaeltachta áitiúil, chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar. Beidh rath na comhpháirtíochta ag brath ar dhlúthchaidreamh a bheith ann idir an oifigeach pleanála teanga agus bainistíocht na scoile.

Tá ról tábhachtach ag an bpríomhoide agus ag foireann na scoile, próiseas pleanála gníomhaíochta a thabhairt chun cinn agus é sin a dhéanamh i gcomhar leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis na daltaí. Trí mheán na féinmheastóireachta scoile déanfaidh siad deimhin de go bhfuil sároideachas trí mheán na Gaeilge á sholáthar do phobal na Gaeltachta.

Cuireadh an Treoir seo le chéile chun tacú leis an mbord bainistíochta i gcur i bhfeidhm an tumoideachais agus chun a chinntiú go gcomhlíonfar, trí naisc ábhartha a chruthú leis an bpobal agus leis an gcoiste pleanála teanga, na critéir theangabhunaithe atá bunúsach do chur i bhfeidhm na Scéime. Moltar do gach scoil sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a chinntiú go bhfuil tagairt sa phlean scoile don chomhoibriú idir an cheanneagraíocht/OPT/CSPT agus an scoil mar ghné bhunúsach dá polasaí Gaeilge.

Ba chóir don bhord bainistíochta a chinntiú:

- go bhfuil tuiscint ag an bpobal gur scoil Ghaeltachta í an scoil
- gurb í an Ghaeilge an teanga a úsáidtear i ngach gné d'obair na scoile
- go gcothaíonn an scoil naisc thairbheacha leis an bpobal, le suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, agus le scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge eile chun an Ghaeilge a chur chun cinn
- go bhforbraítear nasc leis an gceanneagraíocht áitiúil agus go ndéantar tagairt sa pholasaí Gaeilge do na róil agus na freagrachtaí éagsúla atá acu maidir le cur i bhfeidhm an phlean teanga, rud a thacóidh leis an gcomhoibriú idir an scoil agus an cheanneagraíocht pleanála teanga áitiúil
- go mbaineann an scoil leas, mar is cuí, as eagrais atá ag feidhmiú sa phobal cheana féin chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga
- go mbeidh an dalta féin agus a chomhthéacs lárnach sa phróiseas pleanála teanga agus go dtarraingeofar ar thacaíocht na dteaghlach chun an comhthéacs iomlán sin a thuiscint
- go gcuirtear i bhfeidhm forálacha uile na nósanna imeachta um chosaint leanaí do scoileanna (féach ar **Aguisín 1**)

[3] Tagraíonn an téarma 'daltaí' san fhoilseachán seo do dhaltaí bunscoile agus do scoláirí iar-bhunscoile araon.

- go gcloítear leis na treoirlínte cuí um chosaint sonraí chun eolas a bhainistiú agus a roinnt mar is cuí, mar a bhaineann le sonraí pearsanta ach go háirithe. Tá tuilleadh eolais ar fáil ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí **ANSEO.**

Tá eolas ar fáil in **Aguisín 2** faoin leabhrán leictreonach (Beatha Teanga) atá foilsithe ag Gaeloideachas chun cuidiú le pobal uile na scoile ina n-iarrachtaí an Ghaeilge a choimeád lárnach ina gcuid idirghníomhaíochtaí ar fad. D'fhéadfadh scoileanna leas an-fhónta a bhaint as seo agus as na háiseanna tacaíochta eile a chruthófar amach anseo chun dea-chleachtas scoileanna i dtaobh úsáid chumarsáideach na Gaeilge a roinnt.

## 4. Ról an Oifigigh Phleanála Teanga (OPT)

Tá ról lárnach ag na hoifigigh phleanála teanga atá fostaithe ag na ceanneagraíochtaí pleanála teanga áitiúla, le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (RTCEGSM), i gcur i bhfeidhm an phlean teanga do na ceantair áitiúla Ghaeltachta.

Feidhmíonn an t-oifigeach pleanála teanga mar chéad phointe teagmhála don phobal agus d'eagraíochtaí, cumainn agus institiúidí sa phobal áitiúil ar mhaith leo a bheith rannphháirteach sa phróiseas pleanála teanga agus tacú le cur chun cinn na Gaeilge go logánta. Chomh maith le bearta an phlean teanga a chur i bhfeidhm, tig leis an OPT tacaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí deonacha, eagraíochtaí pobail, clubanna, cumainn, gnóthaí agus do na scoileanna sa Ghaeltacht chun cur le húsáid na Gaeilge sa limistéar pleanála teanga (LPT).

Tá freagracht ar an oifigeach pleanála teanga teagmháil a choinneáil le príomhoide na scoile chun sonraí ábhartha a roinnt agus na gníomhaíochtaí éagsúla a phlé agus a aontú chun cabhrú le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc phobal na scoile. I gcomhar leis an bPríomhoide, déanfaidh an OPT plean a aontú ag tús na scoilbliana chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus sainchomhthéacs agus riachtanais na scoile á gcur san áireamh. Nuair a bhíonn an plean á dhearadh agus á aontú acu, déanfar raon de ghníomhaíochtaí éagsúla, leithéidí siúd atá léirithe i dTábla 1, a roghnú a bheadh de réir an phlean teanga atá ceaptha don limistéar áitiúil agus ábhartha do na critéir theangabhunaithe chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta.

Moltar don scoil an plean seo a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an bpobal i gcoitinne le hiad a chur ar an eolas faoin gcur chuige agus faoi na gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl mar chuid den phlean. Ba chóir do scoileanna achoimre ghairid ar an dul chun cinn a sholáthar do thuismitheoirí sa tuairisc fhéinmheastóireachta scoile ag deireadh na scoilbhliana. Tá féidearthacht ann do scoileanna chomh maith, an dea-chleachtas a roinnt le scoileanna eile trí chruinnithe líonra agus trí phobail chleachtais.

*Tábla 1: Gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an t-oifigeach pleanála teanga a dhéanamh chun tacú leis na scoileanna úsáid na Gaeilge a neartú*

| Sampla de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de phlean aontaithe idir an scoil agus an cheanneagraíocht phleanála teanga |
| --- |
| **Do dhaltaí:**<br>• An scoil a chur ar an eolas maidir le deiseanna úsáide Gaeilge taobh amuigh de ghnáth uaireanta scoile (clubanna, caiféanna, imeachtaí spóirt, campaí spóirt agus araile) agus ar aon áiseanna tacaíochta eile atá ar fáil.<br>• Pacáiste tacaíochta a fhorbairt do dhaltaí atá ar bheagán Gaeilge agus a thagann chun cónaithe i gceantar Gaeltachta<br>• Tionscadail agus ceardlanna éagsúla trí Ghaeilge a eagrú in ábhair gur suim leis na daltaí iad (cúrsaí teicneolaíochta (Techspace as Gaeilge), códú trí Ghaeilge, díospóireachtaí Gaeilge, meáin shóisialta, cúrsaí timpeallachta, an clár Gaisce, cúrsaí fiontraíochta, cúrsaí oidhreachta, ceol, ealaíon, drámaíocht, agus mar sin de<br>• Eolas a sholáthar faoi mhúinteoirí/theagascóirí le Gaeilge atá ar fáil sa cheantar chun ranganna breise (spórt, drámaíocht, ceol, mar shampla) a chur ar fáil trí Ghaeilge.<br>• Coistí Gaeilge a bhunú chun daltaí a thabhairt le chéile lasmuigh den scoil le 'Guth an Scoláire' a chloisteáil, agus cuidiú le bunú Coiste na nÓg a d'oibreodh ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil agus/nó lasmuigh di<br>• Ceardlanna agus tograí a eagrú chun scileanna cumarsáide agus ceannaireachta a fheabhsú, leithéidí tograí raidió, podchraoltaí, scannánaíocht<br>• Líonra nó fóram idir scoileanna chun cur le húsáid na Gaeilge sa scoil agus ar bhonn níos leithne.<br>• Áisitheoireacht a dhéanamh ar scéim malairte cuairteanna agus scéim cairde pinn le scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna eile Gaeltachta, d'fhonn feasacht a chothú ar chanúintí éagsúla<br>• Ceardlanna a dhéanamh ar chúrsaí pleanála teanga ag tarraingt ar eispéiris mhionteangacha domhanda eile<br>• Gníomhaíochtaí agus/nó comórtais a eagrú sa scoil féin nó idir scoileanna, mar shampla, blitz peile, tráth na gceist<br>• Féilte áitiúla don Ghaeilge a eagrú chun an pobal ar suim leo an teanga, a tharraingt le chéile<br>• Tacú le cláir spóirt trí Ghaeilge a chur chun cinn i gcomhar le heagraíochtaí eile, mar shampla, Cumann Lúthchleas Gael (CLG) agus Muintearas<br>• Daltaí a mhealladh le míreanna a scríobh don nuachtlitir áitiúil ar phleanáil teanga<br>• Tacú le taithí oibre a eagrú le heagraíochtaí eile Gaeilge do scoláirí na hIdirbhliana<br>• An scoil a choinneáil ar an eolas faoi chláir éagsúla trí Ghaeilge atá ar fáil don Idirbhliain, mar shampla, clár Cumann Lúthchleas Gael (CLG), Ceannairí don Todhchaí: Acadamh na hOllscolaíochta, TG4, agus sna meáin i gcoitinne<br>• Teagmháil a dhéanamh le leithéidí CLG lena chinntiú go mbíonn cóitseálaithe le Gaeilge ar fáil do na scoileanna Gaeltachta.<br>**Do phobal na scoile agus do thuismitheoirí/caomhnóirí:**<br>• Tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoi bhuntáistí agus thábhacht an tumoideachais, faoi na buntáistí a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht agus pacáiste eolais a chur ar fáil faoi dheiseanna saibhrithe teanga do na teaghlaigh sin |

- Pacáiste tacaíochta téarmaíochta Gaeilge agus córas tacaíochta a fhorbairt do thuismitheoirí/caomhnóirí atá ar bheagán Gaeilge agus iad a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil
- Eolas ar ranganna Gaeilge/tionscadail foghlamtha Gaeilge atá ar fáil a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí nó ranganna/ciorcail comhrá agus/nó deiseanna eile cleachtaithe agus saibhrithe a eagrú dóibh
- Eolas ar sheirbhísí, chlubanna, imeachtaí agus acmhainní trí Ghaeilge do theaghlaigh, do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do dhaltaí a roinnt leo nó a eagrú dóibh.

Tá eolas breise ar fáil in **Aguisín 3** faoi na tacaíochtaí eile atá curtha ar fáil ag RTCEGSM do na scoileanna sa Ghaeltacht.

## 5. Treoir do bhord bainistíochta na scoile Gaeltachta – táscairí dea-chleachtais chun an Ghaeilge a chur chun cinn

Mar threoir don bhord bainistíochta agus do cheannairí na scoile agus na critéir theangabhunaithe á gcur i bhfeidhm acu le haitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, tá an contanam feabhsúcháin thíos, i dteannta leis na táscairí dea-chleachtais ar fáil i dTábla 2 **(**agus in **Aguisín 4).**

| **An contanam feabhsúcháin** | | | |
|---|---|---|---|
| **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Gan dul chun cinn ar bith** | **Dul chun cinn i bpáirt** | **Dul chun cinn maith** | **Dul chun cinn an-mhaith** |

Is féidir an contanam feabhsúcháin seo a úsáid chun tacú leis an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar rath phlean feabhsúcháin na scoile agus monatóireacht a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar chur i bhfeidhm na gcritéar teangabhunaithe ar leith atá á n-athbhreithniú.

***Tábla 2:*** *Critéar teangabhunaithe[4] agus na tascairí dea-chleachtais a ghabhann leis*

| **Critéar: Tacú leis an pobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil** |
|---|
| (i) Tá an scoil rannpháirteach sa phróiseas pleanála teanga áitiúil ina bhfuil sprioc chinnte ann cur le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa phobal. |
| (ii) Tá ionadaí/ionadaithe ón scoil ar an gcoiste pleanála teanga áitiúil agus/nó gníomhach in iarrachtaí an Ghaeilge a threisiú mar theanga an phobail sa cheantar. |
| (iii) Tá foireann na scoile ag spreagadh na ndaltaí le bheith páirteach i gcur chun cinn na teanga ar scoil agus lasmuigh di i measc an phobail. |
| (iv) Tá comhoibriú fónta ann idir an scoil, an pobal agus an cheanneagraíocht/an coiste pleanála teanga le cur i bhfeidhm gnéithe oideachais den phlean teanga áitiúil agus den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa scoil. |

[4] Critéar teangabhunaithe do bhunscoileanna (uimhir 9) agus d'iar-bhunscoileanna (uimhir 8)

| |
|---|
| (v) Tá comhoibriú ann idir foireann agus bainistíocht na scoile agus eagraíochtaí óige eile sa cheantar, a chuireann seirbhísí/imeachtaí ar fáil do dhaltaí na scoile. |
| (vi) Glacann daltaí na scoile páirt in imeachtaí Gaeilge an phobail ar bhonn rialta. |
| (vii) Is i nGaeilge a chuireann daltaí na scoile iad féin i láthair ag leibhéal áitiúil/an chontae/náisiúnta in aon chomórtais a nglacann siad páirt iontu chomh fada agus is féidir sin a dhéanamh. |
| (viii) Déantar gach iarracht seans a thabhairt do phobal na scoile (tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí, cainteoirí líofa Gaeilge an phobail, baill an bhoird) ionchur a bheith acu i gcur chun cinn na Gaeilge sa scoil. |

***Tábla 3:*** *Critéar teangabhunaithe[5] agus na tascairí dea-chleachtais a ghabhann leis*

| **Critéar: Tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí/ caomhnóirí, leis an bpobal áitiúil, agus le páirtithe eile** |
|---|
| (i) Tá polasaí ag an scoil tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge le tuismitheoirí na scoile i ngach aon chomhfhreagras nó cumarsáid ó bhéal leo; is i nGaeilge a ullmhaítear an comhfhreagras agus cuirtear aistriúchán Béarla ar fáil do na tuismitheoirí/caomhnóirí a mbeadh gá acu lena leithéid. Mar chuid de phróiseas clárúcháin daltaí sa pholasaí iontrála, spreagtar tuismitheoirí/caomhnóirí comhfhreagras na scoile a lorg i nGaeilge nó go dátheangach. |
| (ii) Reáchtáiltear na cruinnithe leis na tuismitheoirí/caomhnóirí as Gaeilge amháin nuair is féidir nó go dátheangach, más gá, le tús áite don Ghaeilge. |
| (iii) Tugtar tús áite don Ghaeilge in aon chomhfhreagras oifigiúil le haon eagraíocht pobail áitiúil/stáit a mbíonn an scoil i dteagmháil leo. |
| (iv) Cothaíonn an scoil dea-chaidreamh le tuismitheoirí/ caomhnóirí trí aiseolas réamhghníomhach soiléir agus cuiditheach a thabhairt dóibh ar bhonn leanúnach, chun tacú le dul chun cinn agus foghlaim a bpáistí. Tugtar tús áite don Ghaeilge san idirghníomhaíocht seo. |
| (v) Spreagtar tuismitheoirí an Ghaeilge a úsáid lena bpáistí a mhinice agus is féidir agus go háirithe i dtimpeallacht na scoile. Meabhraítear do na tuismitheoirí go rialta go gcuirfear go mór le dul chun cinn a bpáistí sa teanga má fhaigheann siad dea-shampla dearfach spreagúil maidir le húsáid na Gaeilge. |

Chun tacú leis an bpróiseas féinmheastóireachta, déantar miondealú thíos ar na critéir theangabhunaithe agus tugtar leideanna agus samplaí praiticiúla den chomhpháirtíocht a d'fhéadfadh an scoil a chothú leis an bpobal chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

| **Critéar: Tacú leis an bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil** |
|---|
| (i) Tá an scoil rannpháirteach sa phróiseas pleanála teanga áitiúil ina bhfuil sprioc chinnte ann cur le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa phobal. |

*Mar shampla:*

- *Bíonn teagmháil/cruinnithe rialta ag an scoil leis an oifigeach pleanála teanga agus comhoibriú leanúnach ann chun tacú leis an an scoil gníomhartha ábhartha an phlean*

[5] Critéar teangabhunaithe do bhunscoileanna (uimhir 10) agus d'iar-bhunscoileanna (uimhir 9)

*áitiúil don teanga a chur i bhfeidhm. Moltar don scoil duine a ainmniú a bheidh mar phointe teagmhála don oifigeach pleanála teanga.*

- *Moltar don scoil plean do chur chun cinn na Gaeilge don scoilbhliain nua a aontú leis an oifigeach pleanála teanga. Tugtar samplaí i dTábla 1 de ghníomhaíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith san áireamh sa phlean chun tacú le cur chuige aontaithe maidir lena chur i bhfeidhm.*
- *Cothaítear naisc fhónta leis na hearnálacha oideachais éagsúla áitiúla (luathfhoghlaim agus cúraim, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht) chun aistriú na ndaltaí a éascú ó leibhéal amháin scolaíochta go dtí an chéad leibhéal eile.*
- *Déantar freastal cuí ar na gnéithe ábhartha den chlár aistrithe (lena n-áirítear próifílí teanga na ndaltaí, líon na gcainteoirí líofa, agus líon na dteaghlach ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt acu go laethúil), chun tacú le haistriú na bpáistí ón naíonra go dtí an bhunscoil agus ón bhunscoil go dtí an iar-bhunscoil.*
- *Tacaíonn an scoil le gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar sprioc acu labhairt na Gaeilge a spreagadh taobh amuigh de láthair na scoile chomh maith le taobh istigh di.*
- *Roinneann an scoil eolas cuí le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an oifigeach pleanála teanga maidir le hacmhainní, seirbhísí, imeachtaí, deiseanna foghlama agus araile, atá ar fáil trí Ghaeilge, sa cheantar áitiúil.*

| |
|---|
| (ii) Tá ionadaí/ionadaithe ón scoil ar an gcoiste pleanála teanga áitiúil agus/nó gníomhach in iarrachtaí an Ghaeilge a threisiú mar theanga an phobail sa cheantar. |

*Mar shampla:*

- *Freastalaíonn ionadaí ón scoil, an OPT agus/nó ionadaí ón gceanneagraíocht pleanála teanga áitiúil go rialta ar chruinnithe a thionóltar chun tacú le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a neartú. Chuige seo, roinntear eolas ábhartha lena chéile le go mbeidh an scoil agus an cheanneagraíocht/CPT eolach ar obair a chéile maidir le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa phobal Gaeltachta áitiúil.*

| |
|---|
| (iii) Tá foireann na scoile ag spreagadh na ndaltaí le bheith páirteach i gcur chun cinn na teanga ar scoil agus lasmuigh i measc an phobail. |

*Mar shampla:*

- *Tacaíonn an scoil le heagrú ócáidí pobail: siúlóidí staire nó dúlra, cuairteanna ar láthair oidhreachta éagsúla, lá pátrúin nó ceiliúradh ar dhuine/ócáid áitiúil.*
- *Glacann daltaí ról lárnach faoi stiúir an mhúinteora, i reáchtáil imeachtaí éagsúla Gaeilge nuair is cuí, leithéidí, siúlóidí stairiúla.*
- *Ullmhaítear na daltaí chun páirt a ghlacadh in imeachtaí Gaeilge: comórtais díospóireachta, drámaíochta, amhránaíochta agus scríbhneoireachta, mar shampla, agus i bhféilte liteartha agus fiontraíochta a mbíonn cur chun cinn na Gaeilge mar sprioc acu (Oireachtas na Gaeilge agus an Fhéile Scoildrámaíochta, mar shampla).*
- *Cothaítear naisc fhónta le heagraíochtaí teanga leithéidí Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Muintearas agus cuirtear daltaí ar an eolas faoi imeachtaí ábhartha a bhíonn á reáchtáil ag na heagraíochtaí seo.*
- *Tugtar deiseanna do na páistí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a dtuairimí maidir le cur chun cinn na teanga a chur chuig an oifigeach pleanála teanga áitiúil/an coiste pleanála teanga le hiad a iniúchadh.*

(iv) Tá comhoibriú fónta ann idir an scoil, an pobal agus an cheanneagraíocht/an coiste pleanála teanga le cur i bhfeidhm gnéithe oideachais den phlean teanga áitiúil agus den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa scoil.

*Mar shampla:*

- *Tá comhtháthú soiléir ann idir spriocanna oideachasúla an phlean teanga áitiúil agus spriocanna na scoileanna.*
- *Cuidíonn an cheanneagraíocht pleanála teanga/OPT áitiúil le feachtas fógraíochta a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí chun tairbhe agus buntáistí an tumoideachais a léiriú dóibh.*
- *Comhoibríonn an scoil leis an gceanneagraíocht pleanála teanga áitiúil maidir le fógraí faoi na himeachtaí éagsúla atá ar siúl sa cheantar a roinnt leis an bpobal scoile chun an teanga a chur chun cinn.*
- *Pléitear go bliantúil ar bhonn scoile uile an dul chun cinn atá déanta ag an scoil maidir le cur i gcrích na gcritéar teangabhunaithe atá mar bhonn leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus aithnítear réimsí agus spriocanna chun feabhais maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa phobal Gaeltachta áitiúil. Aontaítear clár bliana leis an oifigeach pleanála teanga chun an sprioc seo a bhaint amach.*
- *Baineann an scoil úsáid as na seirbhísí atá curtha ar fáil ag an gceanneagraíocht pleanála teanga áitiúil chun tacú le húsáid na Gaeilge sa cheantar.*

(v) Tá comhoibriú ann idir foireann agus bainistíocht na scoile agus eagraíochtaí óige eile sa cheantar, a chuireann seirbhísí/imeachtaí ar fáil do dhaltaí na scoile.

*Mar shampla:*

- *Tá naisc á gcruthú agus á bhforbairt idir an scoil agus eagraíochtaí teanga, cultúrtha, spóirt agus fiontraíochta sa cheantar de réir mar a oireann (mar shampla, Údarás na Gaeltachta, an comharchumann áitiúil, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, Cumann Lúthchleas Gael (CLG), cumann drámaíochta áitiúil, Muintearas, Óg-chlubanna, clubanna Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus eagraíochtaí áitiúla eile Gaeilge/Gaelacha.*
- *Trí dhea-shampla a thabhairt, spreagann daltaí na scoile eagraíochtaí spóirt, cheoil agus araile an Ghaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide le linn a n-imeachtaí éagsúla.*
- *Féachann foireann na scoile ar imeachtaí seach-churaclaim mar mheán thar a bheith éifeachtach an teanga ó bhéal a chur chun cinn agus tapaíonn siad an deis líon na n-imeachtaí sin a mhéadú i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile sa cheantar atá ag freastal ar an óige.*

(vi) Glacann daltaí na scoile páirt in imeachtaí Gaeilge an phobail ar bhonn rialta.

*Mar shampla:*

- *Cór/banna ceoil na scoile ar fáil d'imeachtaí agus do shearmanais éagsúla an phobail*
- *Glacann daltaí ón scoil páirt i gclubanna spóirt sa cheantar do chailíní agus do bhuachaillí agus cothaíonn siad naisc láidre le leithéidí clubanna CLG, clubanna cispheile, clubanna lúthchleasaíochta agus spóirt eile an cheantair.*

(vii) Is i nGaeilge a chuireann daltaí na scoile iad féin i láthair ag leibhéal áitiúil/an chontae/náisiúnta in aon chomórtais a nglacann siad páirt iontu chomh fada agus is féidir sin a dhéanamh.

*Mar shampla:*

- *Bíonn na daltaí bródúil as éiteas na scoile Gaeltachta agus as an gcanúint áitiúil, rud a léiríonn siad agus iad ag glacadh páirt in ócáidí agus imeachtaí cultúrtha go háitiúil agus go náisiúnta.*
- *Cloíonn daltaí leis an riail an Ghaeilge a labhairt le chéile le linn imeachtaí spóirt sa scoil agus lasmuigh den scoil.*

(viii) Déantar gach iarracht seans a thabhairt do phobal na scoile (tuismitheoirí/ caomhnóirí, daltaí, sárchainteoirí Gaeilge an phobail, baill an bhoird) ionchur a bheith acu i gcur chun cinn na Gaeilge sa scoil.

Mar shampla:

- *Eagraítear ócáidí sóisialta sa scoil chun deis a thabhairt don phobal cuairt a thabhairt ar an scoil (mar shampla, Seó na Nollag, taispeántais ealaíona, ceolchoirmeacha, ócáidí creidimh, laethanta oscailte).*
- *Déanann an scoil iarracht ceolchoirmeacha nó seó tallainne a léiriú don phobal scoile nuair is féidir.*
- *Spreagtar daltaí chun páirt a ghlacadh i bhféilte cultúrtha - ceol, damhsa, drámaíocht, scéalaíocht - i gcomórtais áitiúla agus náisiúnta.*
- *Tugtar cuireadh d'aoichainteoirí teacht go dtí an scoil chun a dtaithí ar an obair i réimsí éagsúla (cúrsaí gnó agus fiontraíochta, litríocht, na healaíona, na meáin shóisialta agus chumarsáide agus spóirt, mar shampla) a roinnt leis na daltaí. Ar an mbealach seo, feicfidh na daltaí go bhfuil an Ghaeilge ábhartha agus tábhachtach do dhaoine iomráiteacha sa saol timpeall orthu agus cabhróidh sé seo le hiad a spreagadh in úsáid na Gaeilge.*

| **Critéar: Tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an bpobal áitiúil, agus le páirtithe eile** |
|---|
| (i) Tá polasaí ag an scoil tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge le tuismitheoirí na scoile i ngach aon chomhfhreagras nó cumarsáid ó bhéal leo; is i nGaeilge a ullmhaítear an comhfhreagras agus cuirtear aistriúchán Béarla ar fáil do na tuismitheoirí/caomhnóirí a mbeadh gá acu lena leithéid. Mar ghné de phróiseas clárúcháin daltaí sa pholasaí iontrála, spreagtar tuismitheoirí/caomhnóirí comhfhreagras na scoile a lorg i nGaeilge nó go dátheangach. |

*Mar shampla:*

- *Oibríonn an scoil i gcomhar leis an oifigeach pleanála teanga, rang(anna) Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí chun cabhrú leo a gcuid Gaeilge féin a fheabhsú d'fhonn tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt dá bpáistí an teanga a fhoghlaim agus a shaibhriú, agus, ar an mbealach seo, cur le húsáid na Gaeilge sa cheantar.*

- *Déantar ciorcal comhrá a bhunú sa scoil do thuismitheoirí/caomhnóirí chun deiseanna neamhfhoirmiúla cainte trí mheán na Gaeilge a sholáthar dóibh de réir an éilimh.*
- *Déantar pobal na scoile a choimeád ar an eolas faoi chúrsaí pleanála teanga sna meáin chumarsáide, ar shuíomh gréasáin na scoile agus sna meáin shóisialta*
- *Úsáidtear an Ghaeilge i nuachtlitreacha na scoile a eisítear go rialta.*
- *Tugtar tús áite don Ghaeilge i bhfógraí na scoile ach caithfear riachtanais phobail áirithe Ghaeltachta sa Ghaeilge a thabhairt san áireamh tríd an gcomhfhreagras a bheith dátheangach nuair is gá.*

(ii) Reáchtáiltear na cruinnithe leis na tuismitheoirí/caomhnóirí as Gaeilge amháin nuair is féidir nó go dátheangach, más gá, le tús áite don Ghaeilge.

*Mar shampla:*

- *Cuirtear an Ghaeilge chun cinn le linn na gcruinnithe tuismitheoirí/caomhnóirí le múinteoirí agus le linn chruinnithe de chumann na dtuismitheoirí.*

(iii) Tugtar tús áite don Ghaeilge in aon chomhfhreagras oifigiúil le haon eagraíocht pobail áitiúil/stáit a mbíonn an scoil i dteagmháil leo.

*Mar shampla:*

- *Tugtar tús áite d'úsáid na Gaeilge i gcomhfhreagras na scoile de réir éiteas na scoile Gaeltachta.*

(iv) Cothaíonn an scoil dea-chaidreamh le tuismitheoirí/caomhnóirí trí aiseolas réamhghníomhach soiléir agus cuiditheach a thabhairt dóibh ar bhonn leanúnach, chun tacú le dul chun cinn agus foghlaim a bpáistí. Tugtar tús áite don Ghaeilge san idirghníomhaíocht seo.

*Mar shampla:*

Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi rannpháirtíocht a bpáistí in imeachtaí éagsúla na scoile agus coimeádtar ar an eolas iad maidir lena ndul chun cinn i ngach gné dá scolaíocht trí mheán na Gaeilge.

*(v) Spreagtar tuismitheoirí an Ghaeilge a úsáid lena bpáistí a mhinice agus is féidir agus go háirithe i dtimpeallacht na scoile. Meabhraítear do na tuismitheoirí go rialta go gcuirfear go mór le dul chun cinn a bpáistí sa teanga má fhaigheann siad dea-shampla dearfach spreagúil maidir le húsáid na Gaeilge.*

*Mar shampla:*

- *Forbraíonn an scoil naisc leis an leabharlann áitiúil chun tacú le tuismitheoirí rochtain a fháil ar réimse níos leithne leabhar Gaeilge atá aois-oiriúnach agus tarraingteach dá bpáistí.*
- *Tá coiste tuismitheoirí/caomhnóirí sa scoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge.*
- *Tá ról ag coiste na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí maidir le ranganna Gaeilge, cócaireachta, ealaíona agus araile a eagrú do thuismitheoirí eile agus do phobal na*

*scoile agus tugtar tús áite d'úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge le linn na n-imeachtaí seo.*

- *Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi na hacmhainní teanga atá ann chun tacú leo an Ghaeilge a úsáid sa bhaile. Soláthraítear acmhainní teanga, leithéidí liostaí téarmaíochta, a chuideodh leo tacú lena bpáistí leis an obair bhaile. Roinntear straitéisí leo chun cabhrú leo suim a bpáistí a spreagadh i léitheoireacht na Gaeilge.*

# Aguisín 1

## Nósanna imeachta um chosaint leanaí do scoileanna

### Meabhrúchán do phríomhoidí agus d'údaráis bhainistíochta scoileanna

Éilíonn *Na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* (2017) go n-ullmhaíonn bord bainistíochta Ráiteas um Chosaint Leanaí bunaithe ar mheasúnú riosca.

Ní mór don bhord bainistíochta cóip den ráiteas a chur ar fáil do phearsanra uile na scoile, don phátrún agus do Chumann na dTuismitheoirí agus an rái teas a
fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile freisin. Ní mór cóip den ráiteas a chur ar fáil do thuismitheoirí má lorgaíonn siad í.

In Alt 8.9 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí, tugtar tuilleadh eolais ar na riachtanais maidir le hullmhú an Ráitis um Chumhdach Leanaí.


Tá leagan Gaeilge de *Na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* (2017) agus doiciméid ábhartha lena mbaineann, le fáil **ANSEO**.  Tá leaganacha Béarla den cháipéisíocht le fáil **ANSEO**.

# Aguisín 2

## Acmhainn chun tacú le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

***Beatha Teanga: An Ghaeilge: Teanga na Cumarsáide, an Spraoi agus an tSóisialaithe***

- Tá leabhrán leictreonach foilsithe ag Gaeloideachas chun cuidiú le pobal uile na scoile, a chabhróidh leo ina n-iarrachtaí an Ghaeilge a choimeád lárnach ina gcuid idirghníomhaíochtaí ar fad. Is iad na spriocghrúpaí sin ná daltaí, tuismitheoirí, an fhoireann teagaisc, an fhoireann tacaíochta, an príomhoide, an bord bainistíochta, Cumann na dTuismitheoirí agus aon choiste eile atá bainteach leis an scoil.
- Is í sprioc an leabhráin ná dearcthaí dearfacha agus gníomhartha a spreagadh i measc phobail na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chuirfidh le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe. Aithnítear go gcaithfidh roinnt scoileanna i gceantair Ghaeltachta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochtheangeolaíocha ar leith. Tá an leabhrán seo agus na háiseanna iniata leis mar thaca do na scoileanna Gaeltachta atá ag feidhmiú a gcuid pleananna gníomhaíochta chun na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh, d'fhonn aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Tá an leabhrán mar aon le háiseanna tacaíochta breise ar nós físeáin agus podchraoltaí ó mhúinteoirí agus ó oifigigh phleanála teanga le fáil **ANSEO.**



# Aguisín 3

## Na tacaí atá ar fáil do scoileanna sna limistéir phleanála teanga Ghaeltachta

Tá clár infheistíochta faoi leith forbartha agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ar mhaithe le tacú tuilleadh leis an nGaeilge sna réimsí a leanas: An teaghlach (Tuismitheoirí na Gaeltachta); earnáil na luathfhoghlama agus cúraim (Comhar Naíonraí na Gaeltachta); agus na healaíona traidisiúnta Gaeilge (Ealaín na Gaeltachta).

De thoradh na dtacaíochtaí breise seo cuirfear ar chumas na n-eagraíochtaí thuasluaite bearta breise a chur sa tsiúil agus a fhorbairt mar thaca breise don phleanáil teanga agus don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta chomh maith céanna. Seo a leanas spléachadh faoina bhfuil i gceist:

### 1. Scéim na gCúntóirí Teanga

Ar mhaithe le deiseanna breise sealbhaithe agus saibhrithe teanga a chur ar fáil d'aos óg na Gaeltachta, agus ar leas chóras oideachais na Gaeltachta trí chéile, cuireann an Roinn (RTCEGSM) tacaíocht ar fáil chun cúntóirí teanga a sholáthar do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht. Foilsíodh an t-athbhreithniú a rinneadh ar Scéim na gCúntóirí Teanga in 2020. Déantar rianú san athbhreithniú ar na bealaí a bhféadfaí an scéim a threisiú tuilleadh go céimniúil agus go córasach – ag úsáid na n-acmhainní atá agus a bheidh ar fáil.

### 2. Tuismitheoirí na Gaeltachta

Tá ról ar leith ag Tuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG), atá maoinithe ag RTCEGSM, chun tacú le teaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Tá réimse tacaíochtaí do scoileanna ar fáil ó TnaG chun an Ghaeilge mar theanga chumarsáide a threisiú agus a shaibhriú. Ta tuilleadh eolais ar fáil **ANSEO**.

### 3. Ealaín na Gaeltachta

Cuireann an Roinn (RTCEGSM) maoiniú ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta chun cur leis na tacaíochtaí ealaíona trí mheán na Gaeilge atá ar fáil sna ceantair Ghaeltachta.

### 4. Scéim na gCampaí Samhraidh

Cuirtear maoiniú ar fáil chun eagraíochtaí cuí a chumasú campaí samhraidh a eagrú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht d'aos óg na Gaeltachta. Is é Muintearas, a fheidhmíonn faoi scáth Údarás na Gaeltachta, atá freagrach as riar na scéime seo, thar ceann na Roinne (RTCEGSM).

### 5. Gníomhaíochtaí spóirt agus aclaíochta

Faoin mbeart seo, cuirtear maoiniú ar fáil chun gníomhaíochtaí spóirt trí Ghaeilge a chur ar fáil i scoileanna áirithe Gaeltachta. Is i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael agus Muintearas a eagraítear an beart seo.

## 6. An Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga

In éindí leis an gcúnamh reatha thuasluaite, cuirtear cúnamh caipitil ar fáil chomh maith faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga de chuid na Roinne (RTCEGSM) chun bonneagar na Gaeilge sa Ghaeltacht a threisiú tuilleadh. I measc na dtograí a aithnítear faoin gclár cuirtear cúnamh ar fáil i gcásanna áirithe, chun cabhrú le scoileanna Gaeltachta athchóiriú a dhéanamh ar a gcuid áiseanna, chomh maith le trealamh a cheannach, atá ar leas an phobail áitiúil. Ina theannta sin cuirtear cúnamh ar fáil faoin gclár chun tacú leis an earnáil luathfhoghlama agus cúraim sa Ghaeltacht – idir threalamh agus athchóiriú cóiríochta.

## 7. Na sonraí do roinnt clár agus tacaíochtaí atá ar fáil sa Ghaeltacht chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn

Ní liosta iomlán é seo agus is féidir cur leis de réir mar a thagann cláir chun cinn ó bhliain go bliain. Is fiú teagmháil a dhéanamh chomh maith leis an oifigeach pleanála teanga i do cheantar maidir le tograí faoi leith a d'fhéadfadh siad sin a eagrú i gcomhar leis an scoil.

| Clár | Eagraíocht | Sonraí teagmhála |
|---|---|---|
| Clár Techspás na Gaeilge | | https://www.gov.ie/en/publication/d1c4a-techspace-as-gaeilge/ |
| JAI Clár na gComhlachtaí - Scéim fiontraíochta do lucht na hIdirbhliana i scoileanna Gaeltachta | Údarás na Gaeltachta | oiliuint@udaras.ie |
| JAI Clár 'An Chruinne' - [Tá an clár seo dírithe ar na hardranganna sa bhunscoil chun suim a mhúscailt iontu san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic] | Údarás na Gaeltachta | oiliuint@udaras.ie |
| Scéimeanna tacaíochta teaghlaigh & scéimeanna litríochta agus tacaíochta do scoileanna | Tuismitheoirí na Gaeltachta | www.tuismitheoiri.ie<br>eolas@tuismitheoiri.ie |
| An Seó Bóthar | Conradh na Gaeilge | oige@cnag.ie |
| Ceannairí don Todhchaí | Cumann Lúthchleas Gael | https://learning.gaa.ie/ceannair%C3%ADdontodhcha%C3%AD |
| Maratón na bPáistí | Ceanneagraíochtaí Pleanála Teanga Áitiúla | An tOifigeach Pleanála Teanga i do Limistéir |
| Scéim na gCúntóirí Teanga | Muintearas agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne | Muintearas: muintearas@muintearas.com<br>Oidhreacht Chorca Dhuibhne: eolas@cfcd.ie |
| Clár na gCluichí Gaelacha | Comhairle na Mumhan agus Comhairle Chonnachta | Comhairle na Mumhan www.munstergaa.ie<br>Comhairle Chonnachta clarnagcluichigaelacha@gmail.com |
| Clár Aclaíochta | Muintearas Teo | cuntaslann@muintearas.com |
| Ranganna sna healaíona dúchasacha | Ealaín na Gaeltachta | https://ealain.ie/ |
| Scéim na gCampaí Samhraidh | Muintearas Teo | muintearas@muintearas.com |
| An Clár Tús Maith | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | http://tusmaithocd.ie/ga/welcome-homepage-2/ |

# Aguisín 4

## Na critéir theangabhunaithe agus na tascairí dea-chleachtais: féinmheastóireacht ar dhul chun cinn

| Na critéir theangabhunaithe agus na tascairí dea-chleachtais a ghabhann leo | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| | Gan dul chun cinn ar bith | Dul chun cinn i bpáirt | Dul chun cinn maith | Dul chun cinn an-mhaith |
| **Critéar: Tacú leis an bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil** | | | | |
| (i) Tá an scoil rannpháirteach sa phróiseas pleanála teanga áitiúil ina bhfuil sprioc chinnte ann cur le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa phobal. | | | | |
| (ii) Tá ionadaí/ionadaithe ón scoil ar an gcoiste pleanála teanga áitiúil agus/nó gníomhach in iarrachtaí an Ghaeilge a threisiú mar theanga an phobail sa cheantar | | | | |
| (iii) Tá foireann na scoile ag spreagadh na ndaltaí le bheith páirteach i gcur chun cinn na teanga ar scoil agus lasmuigh i measc an phobail. | | | | |
| (iv) Tá comhoibriú fónta ann idir an scoil agus an pobal, an cheanneagraíocht/an coiste pleanála teanga le cur i bhfeidhm gnéithe oideachais den phlean teanga áitiúil agus den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa scoil. | | | | |
| (v) Tá comhoibriú ann idir foireann agus bainistíocht na scoile agus eagraíochtaí óige eile sa cheantar, a chuireann seirbhísí/imeachtaí ar fáil do dhaltaí na scoile | | | | |
| (vi) Glacann daltaí na scoile páirt in imeachtaí Gaeilge an phobail ar bhonn rialta. | | | | |
| (vii) Is i nGaeilge a chuireann daltaí na scoile iad féin i láthair ag leibhéal áitiúil/an chontae/náisiúnta in aon chomórtais a nglacann siad páirt iontu chomh fada agus is féidir sin a dhéanamh. | | | | |
| (viii) Déantar gach iarracht seans a thabhairt do phobal na scoile (tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí, cainteoirí líofa Gaeilge an phobail, baill an bhoird) ionchur a bheith acu i gcur chun cinn na Gaeilge sa scoil. | | | | |

| **Critéar: Tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí/ caomhnóirí, leis an bpobal áitiúil, agus le páirtithe eile** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) Tá polasaí ag an scoil tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge le tuismitheoirí na scoile i ngach aon chomhfhreagras nó cumarsáid ó bhéal leo; is i nGaeilge a ullmhaítear an comhfhreagras agus cuirtear aistriúchán Béarla ar fáil do na tuismitheoirí/caomhnóirí a mbeadh gá acu lena leithéid. Mar chuid de phróiseas clárúcháin daltaí sa pholasaí iontrála, spreagtar tuismitheoirí/caomhnóirí comhfhreagras na scoile a lorg i nGaeilge nó go dátheangach. | | | | |
| (ii) Reáchtáiltear na cruinnithe leis na tuismitheoirí/caomhnóirí as Gaeilge amháin nuair is féidir nó go dátheangach, más gá, le tús áite don Ghaeilge. | | | | |
| (iii) Tugtar tús áite don Ghaeilge in aon chomhfhreagras oifigiúil le haon eagraíocht pobail áitiúil/stáit a mbíonn an scoil i dteagmháil leo. | | | | |
| (iv) Cothaíonn an scoil dea-chaidreamh le tuismitheoirí/caomhnóirí trí aiseolas réamhghníomhach soiléir agus cuiditheach a thabhairt dóibh ar bhonn leanúnach, chun tacú le dul chun cinn agus foghlaim a bpáistí. Tugtar tús áite don Ghaeilge san idirghníomhaíocht seo. | | | | |
| (v) Iarrtar ar thuismitheoirí gach iarracht a dhéanamh Gaeilge a labhairt ar scoil nuair a bhailíonn siad a bpáistí (le múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí eile agus páistí). Meabhraítear dóibh go minic go mbeidh rath níos fearr ar oideachas a gcuid páistí má thaispeánann na tuismitheoirí/caomhnóirí dea-shampla ó thaobh theanga teagaisc na scoile. | | | | |